Scrios Haiyan

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin scrios atá déanta ag an tíofún Haiyan. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, pléigh an cheist seo le do ghrúpa:

Cad atá ar eolas agat faoin scéal seo cheana féin?

Ceist 2 Cén Ghaeilge atá ar na focail / téarmaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

The Philippines	___ _____ _____
rescue group	_____ _____
cut-off	_____
confused / upside down	_____ _____ _____
debris	_____
searching for	__ _____ __
rotting	__ _____
mass graves	_____
entangled / confused	__ _____
tsunami	_____
relief	_____
on duty	__ _____
badly hit	_____ __ _____

Féach ar an mír den chéad uair agus téigh siar ar na focail thuas arís.

Ceist 3 Scríobh achoimre ghearr ar an mír, tar éis féachaint uirthi uair amháin eile. Bíodh na figiúirí thíos san áireamh agat.

10,000, ¾, 100s, 1,000s, 100,000s, 4 mhilliún

Ceist 4 '…ar fud…'

Nach mbíonn séimhiú tar éis *ar* de ghnáth (ar Sheán, ar chathaoir)?

A. Cén fáth nach bhfuil séimhiú ar *fud* sa chás seo? Bain úsáid as na samplaí seo chun do fhreagra a mhíniú:

ar bord* agus *ar bhord

B. Anois déan féin agus an duine in aice leat iarracht na cinn seo a dhéanamh:

1. ar (mire) _____
2. ar (ball) _____
3. ar (seilf) _____
4. ar (cat) _____
5. ar (meisce) _____
6. ar (Máire) _____
7. ar (cíos) _____
8. ar (buille) _____
9. ar (siúl) _____
10. ar (crann) _____

Ceist 5 Féach ar an mír arís agus breac síos na samplaí den bhriathar saor atá le cloisteáil inti. Bí in ann a rá an aimsir lena mbaineann siad chomh maith.

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____
6. _____

Ceist 6 Féach ar na tubaistí nádúrtha seo a leanas leis na daoine i do ghrúpa. Déanaigí plé ar an dochar is féidir le gach ceann acu a dhéanamh.

Tíofún
Súnámaí
Hairicín
Crith talún
Brúchtadh bolcánach

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

The Philippines	Na hOileáin Fhilipíneacha
rescue group	lucht tarrthála
cut-off	scoite (amach)
confused / upside down	ina c(h)íor thuathail
debris	smionagar
searching for	sa tóir ar
rotting	ag lobhadh
mass graves	olluaigheanna
entangled / confused	in aimhréidh
tsunami	súnámaí
relief	fóirithint
on duty	ar dualgas
badly hit	buailte go holc

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

A. Leanann séimhiú an réamhfhocal *ar* más ionad cinnte atá i gceist i.e: ar b**h**ord, ar c**h**athaoir, ar S**h**eán. Ní bhíonn séimhiú ann más staid, suíomh nó am atá i gceist i.e: ar ball, ar maidin, ar muir, ar tír, ar meisce

B.

ar mire
ar ball
ar sheilf
ar chat
ar meisce
ar Mháire
ar cíos
ar buille
ar siúl
ar chrann

Ceist 5

1. Meastar, an aimsir láithreach
2. Leagadh, an aimsir chaite
3. Bádh, an aimsir chaite
4. Maraíodh, an aimsir chaite
5. Cuireadh, an aimsir chaite
6. Nár fiosraíodh, an aimsir chaite

Ceist 6

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Maolra Mac Donnachadha
Sna hOileáin Fhilipíneacha, tá lucht tarrthála ag iarraidh a bhealach[1] a dhéanamh chuig áiteanna scoite amach atá buailte go dona tar éis na stoirme. Meastar anois go bhfuil i bhfad níos mó ná deich míle duine marbh sa tubaiste.

Tá an áit ina cíor thuathail. I gcathair Tacloban leagadh trí cheathrú cuid de na foirgnimh sna gálaí. Bádh na céadta. Maraíodh na mílte sa smionagar a thit. Tá daoine ag máinneáil[2] thart ar fud na cathrach ag cuardach greim le n-ithe agus sa tóir ar dhream a bhaineann leo atá ar iarraidh. Ar fud na tíre tá na céadta míle gan dídean. Tá coirp ag lobhadh go tréan sa taiseachas[3]. Cuireadh go leor in olluaigheanna. Tá na húdaráis in aimhréidh.

An tAthair
Tá sé go dona ar fad. Ní fhaca mé le mo shúile féin rud cosúil leis riamh i mo shaol. Bhí sé cosúil le súnámaí cé nach…ní hé sin an t-ainm atá air. Ach tá sé cosúil le súnámaí mar níl an…do bhí mé ag éisteacht le duine ar an teilifís. Dúirt sé nuair nach mbíonn an fharraige domhain agus nuair a bhíonn stoirm mhór ann, tá an t-uisce go hard agus go han-láidir ar fad. Agus, sin an rud a rinne an chuid is mó den damáiste. Do bhí an ghaoth go han-láidir ar fad ach is í an fharraige a rinne an scrios uafásach.

Maolra Mac Donnachadha
Tá cuidiú ag tíocht[4]. Tá an t-arm ag dáileadh bia agus uisce agus fóirithinte eile. Tá saighdiúirí as Meiriceá agus as an tSeapáin freisin ar dualgas, ach níl sé ag cuidiú lena gcás go bhfuil an oiread droichead leagtha agus an oiread bóithre faoi uisce. Ardóidh líon na marbh. Tá bailte eile fán chósta nár fiosraíodh fós agus níl aon cheangal cumarsáide leo. D'fhéadfadh sé go bhfuil na scórtha míle caillte agus tá ceithre mhilliún san iomlán atá buailte go holc.

[1] *a mbealach* a deirtear
[2] *a mháinneáil* a deirtear
[3] = *taise*
[4] *teacht* atá sa chaighdeán